

# Uimhreas: Tacair agus oibríochtaí – Moltaí don timpeallacht foghlama



## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Imir cluichí agus cas rainn/amhráin ina gcuirtear réada leo nó ina mbaintear réada astu, m.sh., *'10 green bottles.'*
- Cuir coirnéal athchúrsála ar bun sa seomra ranga. Sórtálann na páistí an t-ábhar de réir cineáil agus cuireann siad sa bhosca bruscair ceart é, m.sh., *plaisteach, miotal, cairtchlár, gloine agus páipéar*.
- Bunaigh siopa le rudaí beaga ar díol ann. Ba cheart go mbeadh go leor de gach rud beag ann ionas go n-oibreoidh sé seo mar ghníomhaíocht, m.sh., *carranna ar 5 cent an ceann. Beidh páiste amháin ina airgeadóir.*
- Taispeáin samplaí de straitéisí meabhracha na bpáistí mórthimpeall an tseomra ranga.
- Bígí ag obair le chéile i ngrúpaí beaga chun póstaeir 'Teaghlaigh Fírice' a chruthú a léiríonn fíricí uimhreacha an iolraithe agus na roinnte.
- Tabhair Faoi Deara agus Bí ag Smaoineamh: Cuir an chaint agus an plé chun cinn ag baint úsáid as íomhánna agus spreag ceisteanna, m.sh., *Céard a thugann tú faoi deara, Céard a chuireann ag smaoineamh tú? Cén chaoi ar féidir linn líon iomlán na seacláidí sa bhosca a ríomh? Cén mhatamaitic a fheiceann tú anseo?*







## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Conair Dhúlra – oibríonn na paistí i ngrúpaí ag cuardach earraí i ngairdín na scoile, m.sh., *craobhóga, duilleoga, cleití etc.* Spreag na páistí chun a gcritéir shórtála féin a chruthú do na hearraí a bailíodh agus iad a ghrúpáil i dtacair.
- Iarr ar ionadaí ó thionscal áitiúil nó ar thuismitheoir cuairt a thabhairt ar an scoil agus labhairt faoin gcaoi go n-úsáideann siad oibríochtaí ina gcuid oibre laethúla.
- Seilg ar mhion-ainmhithe mórthimpeall na scoile – comhair na cosa ar na feithidí a aimsítear. Déan na feithidí a shórtáil de réir líon na gcos atá acu agus cruthaigh abairt shuimithe/iolraithe a théann le gach grúpa feithidí, m.sh., *is féidir líon na gcos ar thrí dhamhán alla a léiriú ag baint úsáid as na huimhir-abairtí: 8 + 8 + 8 = 24 nó 3 x 8 = 24.*
- Seilg ar rudaí atá leagtha amach ina sraitheanna mórthimpeall na scoile, m.sh., *tíleanna ar an urlár, deasca sa seomra ranga, pánaí gloine sna fuinneoga. Scrúdaigh an chaoi ina bhfuil an t-earra leagtha amach* – líon na rónna agus na gcolún atá ann. Déan comparáid agus codarsnacht idir na sraitheanna difriúla.
- Cruthaigh gairdín scoile. Bain úsáid as an iolrú agus an dealú chun an gairdín a bhunú, m.sh., *má tá 5 phlanda cúcamair uait agus caithfear 3 shíol a chur i ngach poll, cé mhéad síol atá ag teastáil ar an iomlán?*







Forbraíodh i gcomhar le **Mary McMahon, Múinteoir Bunscoile, Co. Chorcaí**